

AN BHFUIL INMHEATRÓIS ORT AGUS AN BHFUIL TACAÍOCHT DE DHÍTH ORT?

**FAISNÉIS DEN SCOTH • GRÚPAÍ TACAÍOCHTA
COMHRÁ GRÉASÁIN • LÍNE CHABHRACH • FÓRAM AR LÍNE
• SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN**

Is scáfar an rud é diagnóis inmheatróise a fháil agus bheith beo leis sin. Má bhíonn cúrsaí go dona leat, **tá muid anseo chun cabhrú.**

Is féidir lenár n-oibrithe deonacha oilte, a bhfuil taithí phearsanta den inmheatróis acu go léir, an cuidiú atá de dhíth ort a thabhairt duit chun do riocht a thuiscint agus chun smacht a fháil air.

TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL

 www.endometriosis-uk.org

ENDOMETRIOSIS^{UK}

FAISNÉIS DEN SCOTH

Cibé acu atá ceisteanna agat faoin diagnóis, faoi roghanna cóireála nó faoi theicnící féinchúraim, gheobhaidh tú faisnéis iontaofa ar féidir brath uirthi ar ár suíomh gréasáin.

GRÚPAÍ TACAÍOCHTA

Inár ngrúpaí tacaíochta is féidir le duine ar bith atá buailte leis an inmheatróis teacht ar eolas, ar thacaíocht agus ar chairdeas a bhfuil géarghá leo. Mar bhall de ghrúpa tugtar an deis duit bualadh le daoine eile a bhfuil tuiscint acu ar do scéal agus labhairt leo.

LÍNE CHABHRACH

Is cuma má tá tú díreach i ndiaidh diagnóis a fháil, má tá ceisteanna agat i dtaobh roghanna cóireála nó más mian leat labhairt le duine, glaoigh ar ár líne chabhrach i leith na himmheatróise, ar seirbhís í atá anaithnid agus saor ó chostas, ar **0808 808 2227**

COMHRÁ GRÉASÁIN

Trí úsáid a bhaint as ár seirbhís comhrá gréasáin i leith na himmheatróise, ar seirbhís í atá anaithnid agus saor ó chostas, ceadaítear duit labhairt le duine dár n-oibrithe deonacha trínár gcóras comhrá bheo.

AN TSLÁINTE DHÍGHLASÁILTE

Inár bhfóram tacaíochta agus plé ar líne is féidir leat do thaithí a chomhroinnt, ceisteanna a chur agus tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an inmheatróis ar dhóigh shlán agus anaithnid.

SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN

Lenár sraith seimineár gréasáin soláthraítear faisnéis shaineolach dár bpobal inmheatróise atá ag dul i méid. Bímid ag obair le saineolaithe inmheatróise ar fud na Ríochta Aontaithe chun tacú lenár bpobal agus chun eolas a chur orthu maidir le cóireáil agus cúram inmheatróise.

Le haghaidh mionsonraí ar fad maidir lenár seirbhísí tacaíochta, tabhair cuairt ar

www.endometriosis-uk.org/get-support

 Líne Chabhrach: **0808 808 2227**

